# Ceannaigh Coinín

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – airgead, suimiú, dealú<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, Na hEalaíona, Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• réimse cur chuige a fhorbairt le haghaidh réiteach fadhbanna<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre<br>**Réasúnú Matamaiticiúill**<br>• bheith eolach ar dhóigheanna lena gcuid oibre féin a sheiceáil |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | bonn, nóta, luach, fiche, caoga pingin, punt amháin, nóta cúig phunt, nóta deich bpunt |
| **Áiseanna** | Uirlis Airgid Mol Mata, boinn, spléach-chártaí |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Pléigh an réimse bonn atá in úsáid agus an dóigh ar féidir leo a úsáid le méideanna difriúla airgid a léiriú.

**Cluiche Taispeánta:** Socraigh na daltaí i mbeirteanna. Tabhair tacar de bhoinn do gach beirt. Scairteann an múinteoir an méid amach mar atá taispeánta ar na spléach-chártaí thíos agus caithfidh daltaí é seo a thaispeáint ag úsáid a mbonn. D'fhéadfaí an Uirlis Airgid Mol Mata a úsáid lena dhéanamh.

### 2 Gníomhaíocht 2

Dáil buiséad do na daltaí faoi choinne ghníomhaíocht ealaíne. Mar shampla, beidh costas indibhidiúil ag baint le gach earra ealaíne atá de dhíth le Coinín na Cásca a dhéanamh. Socraíonn daltaí costas na n-earraí indibhidiúla le chéile.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é an t-iomlán a fuair tú nuair a shuimigh tú £5 agus 20p? srl.<br>• Cad é an t-iomlán a fuair tú nuair a shuimigh tú £1 agus 50p agus 20p?<br>• Cad é an t-iomlán a fuair tú nuair a dhealaigh tú 20p ó £5?/Cad é an difear idir £5 agus 20p?<br>• Cá mhéad teaglaim dhifriúil a bhí ann faoi choinne 2, ansin 3 bhonn agus nótaí? | • Cén patrún a chonaic tú nuair a chuir tú na méideanna in ord i nGníomhaíocht 1?<br>• Mínigh an dóigh ar oibrigh tú an difear idir £5 agus 20p amach.<br>• An bhfuil straitéisí a thiocfadh leat a úsáid le cuidiú leat an méid briste atá dlite duit a oibriú amach i do cheann?<br>• Cá huair a bheadh sé áisiúil duit áireamh den chineál seo a dhéanamh san fhíorshaol? |

## Difreáil

Ba cheart do na daltaí uilig 2 bhonn nó nótaí a shuimiú agus a dhealú agus airgead a chur in ord. Tá na cleachtaí sínithe maidir leis an dá ghníomhaíocht fóirsteanach do dhaltaí a dtaitníonn dúshláin leo.

| | | |
|---|---|---|
| 2p | 5p | 10p |
| 20p | 50p | £1 |
| £1.50 | £2 | 75p |
| £1.99 | £1.25 | 99p |

## Praghasliosta

| | | |
|---|---|---|
| Súile<br>2p an ceann | Cluasa<br>2p an ceann | Srón<br>3p |
| Locaí<br>1p an ceann | Cnaipí<br>5p an ceann | Ciseán<br>10p |
| Uibheacha don chiseán<br>7p | Gach dath difriúil úsáidte<br>5p | |